



Uimhir 5 de 2015

AN tACHT UM BRÚSTOCAIREACHT A RIALÁIL, 2015

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Athbhreithniú ar an Acht
3. Caiteachais
4. Rialacháin
5. An bhrí atá le gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh
6. Oifigigh phoiblí ainmnithe
7. Míinthe eile

CUID 2

CLÁRÚ

8. Ceanglas chun clárú
9. An Clár Brústocaireachta
10. Ábhar agus infhaighteacht phoiblí an Chláir
11. Mionsonraí a bheidh le soláthar ag iarratasóirí chun bheith san áireamh ar an gClár
12. Tuairisceáin a bheidh le tabhairt ag daoine cláraithe
13. Ceanglas faisnéis bhreise nó faisnéis cheartaithe a sholáthar
14. Foilsíú moillithe
15. Fianaise ar iontrálacha ar an gClár

[Uimh. 5.]

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

[2015.]

CUID 3

CÓD IOMPAIR AGUS TREOIR

16. Cód iompair
17. Treoir

CUID 4

FORFHEIDHMIÚ

18. Sáruithe iomchuí
19. Cumhacht chun imscrúdú a dhéanamh
20. Cionta
21. Íocaíochtaí seasta

CUID 5

ILGHNÉITHEACH AGUS FORLÍONTACH

22. Sriantha ar fhostaíocht iarthearma mar bhrústocaire
23. Achomhairc
24. Achomharc breise ar phonc dlí
25. Tuarascálacha ón gCoimisiún
26. An Coimisiún do tharmligean feidhmeanna
27. Leasuithe a bhaineann leis an gCoimisiún

AN SCEIDEAL

COMHLACHTAÍ NACH COMHLACHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

[2015.]

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

[Uimh. 5.]

NA hAchtanna dá dTagraítear

Achtanna na gCuideachtaí

An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25)

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Uimh. 22)

An tAcht Foraoiseachta, 1988 (Uimh. 26)

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Na hAchtanna Cuanta, 1946 go 2005

An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)

Petty Sessions (Ireland) Act, 1851 (14 & 15 Vic, c. 93)

Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2014

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Uimh. 45)

An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 (Uimh. 27)

An tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 (Uimh. 37)

An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)

Na hAchtanna Aoisliúntais

An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)

An tAcht Ceárd-Chumann, 1941 (Uimh. 22)



Uimhir 5 de 2015

AN tACHT UM BRÚSTOCAIREACTH A RIALÁIL, 2015

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú maidir le clár de dhaoine a dhéanann gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhunú agus a chothabháil; do dhéanamh socrú maidir le cód iompair a bhaineann le gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh; d'fhorchur srianta ar iaroirfigh phoiblí ainmnithe áirithe a bheith páirteach i mbrústocaireacht; do leasú an Aichta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[11 Márta 2015]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Athbhreithniú ar an Acht

2. (1) Déanfaidh an tAire—
 - (a) roimh dheireadh gach tréimhse iomchuí, athbhreithniú a thosú ar oibriú an Aichta seo, agus
 - (b) tráth nach faide ná 6 mhí tar éis dheireadh gach tréimhse iomchuí, tuarascáil a thabhairt do gach Teach den Oireachtas maidir leis na fionnachtana a thagann as an athbhreithniú agus leis na tátail a bhaintear as na fionnachtana.
- (2) Is tréimhsí iomchuí iad na tréimhsí seo a leanas—
 - (a) an tréimhse 12 mhí dar tosach an lá a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh,

- (b) an tréimhse 3 bliana dar tosach díreach tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear i *mír (a)*, agus
 - (c) gach tréimhse chomhleanúnach 3 bliana ina dhiaidh sin.
- (3) Beidh san áireamh i dtuarascáil faoi *fo-alt (1)* aon mholtaí maidir le leasuithe ar an Acht seo, nó ar aon ionstraim arna déanamh faoi, is dealraitheach don Aire a bheith cuí de dhroim na bhfionnachtana a thagann as an athbhreithniú.
- (4) Le linn don Aire athbhreithniú a stiúradh—
- (a) rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an gCoimisiún,
 - (b) cuirfidh sé nó sí i gcuntas aon tuarascáil iomchuí ó choiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar, agus
 - (c) rachaidh sé nó sí i gcomhairle le cibé daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus cibé comhlachtaí atá ionadaitheach dóibh, agus cibé daoine eile, is cuí leis an Aire.

Caiteachais

3. Déanfar aon chaiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo agus, a mhéid a cheadóidh an tAire é, aon chaiteachais eile a thabhoídh ag riaradh an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Rialacháin

4. (1) Féadfaidh an tAire le rialacháin foráil a dhéanamh maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú.
- (2) Aon rialacháin a dhéanfar faoin Acht seo, leagfar iad faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis na rialacháin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán, beidh na rialacháin ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin.
- (3) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo is dealraitheach don Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.

An bhrí atá le gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh

5. (1) Chun críocha an Achta seo, seolann duine gníomhaíochtaí brústocaireachta más rud é go ndéanann an duine—
- (a) aon chumarsáidí iomchuí thar ceann duine eile i gcomaoin íocaíochta (in airgead nó i luach airgid) in aon cheann de na himthosca ina bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an duine eile sin, nó déanamh na gcumarsáidí sin a bhainistiú nó a threorú,
 - (b) aon chumarsáidí iomchuí in aon cheann de na himthosca ina bhfuil feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an duine, nó déanamh na gcumarsáidí sin a bhainistiú nó a threorú, nó

- (c) aon chumarsáidí iomchuí faoi thalamh a fhorbairt nó a chríosú faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2014.
- (2) Is iad na himthosca ina bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le duine—
- (a) go bhfuil níos mó ná 10 bhfostaí lánaimseartha ag an duine agus go ndéantar na cumarsáidí iomchuí thar ceann an duine,
- (b) go bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó ag an duine agus gur comhlacht é nó í atá ann go príomha chun bheith ionadaitheach do leasanna a chomhaltaí agus go ndéantar na cumarsáidí iomchuí thar ceann aon duine de na comhaltaí, nó
- (c) go bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó ag an duine agus gur comhlacht é nó í atá ann go príomha chun díriú ar shaincheisteanna áirithe agus go ndéantar na cumarsáidí iomchuí ar mhaithe le haon cheann de na saincheisteanna sin a chur ar aghaidh.
- (3) Chun críocha oibriú *fho-alt (1)(b)* i ndáil le comhlacht in imthosca ina bhfuil feidhm ag *mír (b)* nó *(c) d’fho-alt (2)* maidir leis an gcomhlacht, ní “dhéanann” an comhlacht cumarsáid iomchuí ach amháin más rud é—
- (a) gurb é nó í fostaí de chuid an chomhlachta a dhéanann í, nó
- (b) gurb é nó í a dhéanann í duine a shealbhaíonn, sa chomhlacht, aon oifig—
- (i) a bhfuil luach saothair iníoctha ina leith, agus
- (ii) a mbaineann a feidhmeanna le gnóthaí an chomhlachta ina iomláine, ina cháil nó ina cáil mar fhostaí nó mar dhuine den sórt sin.
- (4) I *bhfo-alt (1)*, ciallaíonn “cumarsáidí iomchuí” cumarsáidí (cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn agus cibé slí ar a ndéantar iad), seachas cumarsáidí eisceithe, a dhéantar go pearsanta (go díreach nó go neamhdhíreach) le hoifigeach poiblí ainmnithe i ndáil le ní iomchuí.
- (5) Is cumarsáidí eisceithe na cumarsáidí seo a leanas:
- (a) cumarsáidí ó phearsa aonair, nó thar ceann pearsa aonair, a bhaineann lena ghnóthaí príobháideacha nó lena gnóthaí príobháideacha faoi aon ní seachas aon talamh, ar leith ó phríomháit chónaithe phríobháideach na pearsan aonair, a fhorbairt nó a chríosú faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2014;
- (b) cumarsáidí ó thír nó ó chríoch, nó thar ceann tíre nó críche, seachas an Stát;
- (c) cumarsáidí ón Aontas Eorpach nó ó na Náisiúin Aontaithe nó ó aon eagraíocht idirnáisiúnta eile, nó thar ceann an Aontais Eorpaigh nó na Náisiúin Aontaithe nó aon eagraíocht idirnáisiúnta eile;
- (d) cumarsáidí lena n-iarrtar faisnéis fhíorasach nó lena soláthraítear faisnéis fhíorasach mar fhreagairt ar iarraidh ar an bhfaisnéis;
- (e) cumarsáidí a iarrann comhlacht seirbhíse poiblí agus a fhoilsíonn sé;

- (f) cumarsáidí is cuid de chaibidlí, nó a bhaineann go díreach le caibidlí, ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta a ghabhann ionadaithe ceardchumann de lámh thar ceann a chomhaltaí;
 - (g) cumarsáidí a bhféadfadh sé gur bhagairt ar shábháilteacht aon duine iad a nochtadh;
 - (h) cumarsáidí a bhféadfadh gur bhagairt ar shlándáil an Stáit iad a nochtadh;
 - (i) cumarsáidí a dhéantar in imeachtaí coiste de cheachtar Teach den Oireachtas;
 - (j) cumarsáidí ó oifigeach poiblí ainmnithe ina cháil nó ina cáil mar oifigeach den sórt sin;
 - (k) cumarsáidí—
 - (i) a dhéanann duine atá fostaithe ag comhlacht seirbhíse poiblí, nó a shealbhaíonn aon oifig nó aon phost eile i gcomhlacht poiblí, ina cháil nó ina cáil mar dhuine den sórt sin, nó
 - (ii) a dhéanann duine atá fruilithe chun críocha comhlacht seirbhíse poiblí ina cháil nó ina cáil mar dhuine den sórt sin,agus a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta seirbhíse poiblí;
 - (l) cumarsáidí—
 - (i) a dhéanann duine atá fostaithe ag comhlacht, nó a shealbhaíonn aon oifig nó aon phost eile i gcomhlacht, nach comhlacht seirbhíse poiblí ach is comhlacht a fhostaíonn oifigeach poiblí ainmnithe nó ina sealbhaíonn oifigeach poiblí ainmnithe aon oifig nó aon phost eile, ina cháil nó ina cáil mar dhuine den sórt sin, nó
 - (ii) a dhéanann duine atá fruilithe chun críocha comhlacht den sórt sin ina cháil nó ina cáil mar dhuine den sórt sin,agus a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta;
 - (m) cumarsáidí ó chomhlacht corpraithe, nó thar ceann comhlacht corpraithe, a dhéantar le hAire den Rialtas a shealbhaíonn scaireanna sa chomhlacht corpraithe, nó a bhfuil feidhmeanna reachtúla aige nó aici i ndáil leis an gcomhlacht corpraithe, nó le hoifigigh poiblí ainmnithe atá ag fónamh i roinn an Aire sin, i ngnáthchúrsa ghnó an chomhlachta chorpraithe;
 - (n) cumarsáidí idir comhaltaí de chomhlacht iomchuí arna gceapadh ag Aire den Rialtas, nó ag comhlacht seirbhíse poiblí, chun athbhreithniú, measúnú nó anailís a dhéanamh ar aon saincheist beartais poiblí d'fhonn tuarascáil a thabhairt don Aire den Rialtas nó don chomhlacht seirbhíse poiblí maidir léi;
 - (o) aon chumarsáidí de thuairisc a fhorordaítear faoi *fho-alt (8)*.
- (6) I *bhfo-alt (5)(n)*, ciallaíonn “comhlacht iomchuí” comhlacht—
- (a) a gceapann Aire den Rialtas nó comhlacht seirbhíse poiblí a chomhaltaí, ar a n-áireofar duine amháin nó níos mó ar oifigigh poiblí ainmnithe iad agus duine

amháin nó níos mó nach seirbhísigh poiblí iad ná nach bhfuil fruilithe chun críocha comhlachta seirbhíse poiblí, agus

(b) a sheolann a ghníomhaíochtaí de réir an Chóid Trédhearcachta.

- (7) Déanfaidh an tAire cód a ullmhú agus a fhoilsiú ar a dtabharfar “an Cód Trédhearcachta”, ina leagfar amach conas a dhéanfaidh comhlachtaí a chomhlíonann an coinníoll i *bhfo-alt (6)(a)* a ngníomhaíochtaí a sheoladh má tá siad chun bheith ina gcomhlacht iomchuí chun críocha *fho-alt (5)(n)*, ag féachaint do leas an phobail maidir leis na comhlachtaí sin do dhéanamh amhlaidh le leibhéal cuí trédhearcachta.
- (8) Féadfaidh an tAire tuairiscí cumarsáidí a bheidh ina gcumarsáidí eisceithe a fhorordú; agus le linn a chinneadh cibé acu a fhorordóidh nó nach bhforordóidh sé nó sí aon tuairisc cumarsáidí, beidh aird ag an Aire ar leas an phobail i leibhéal cuí trédhearcachta a bheith ann i ndáil le cumarsáidí faoi aon ní iomchuí agus (go háirithe) i ndáil le haon socrúithe chun cumarsáidí den sórt sin a oscailt lena ngrinnschrúdú ag an bpobal ar shlí eile seachas de réir an Achta seo.

(9) San alt seo—

ciallaíonn “príomháit chónaithe phríobháideach” teach cónaithe nó cuid de theach cónaithe atá ar áitiú ag pearsa aonair mar a aon-áit nó a haon-áit nó a príomháit nó a príomháit chónaithe agus folaíonn sé talamh atá ag an bpearsa aonair le haghaidh a áitíochta agus a shealúchais nó a háitíochta agus a sealúchais féin mar aon leis an áit chónaithe sin mar gharraí nó tailte leis an áit chónaithe sin nach mó (gan an teach cónaithe a áireamh) ná aon acra amháin ar méid;

ciallaíonn “ní iomchuí” aon ní a bhaineann le haon cheann díobh seo a leanas—

- (a) aon bheartas poiblí nó aon chlár poiblí a thionscnamh, a fhorbairt nó a mhodhnú,
- (b) achtachán a ullmhú nó a leasú, nó
- (c) dámhachtain aon deontais, iasachta nó tacaíochta airgeadais eile, aon chonartha nó comhaontaithe eile, nó aon cheadúnais nó údaraithe eile lena ngabhann cistí poiblí,

ar leith ó aon ní nach mbaineann ach le haon bheartas, clár, achtachán nó dámhachtain den sórt sin a chur i ngníomh nó ó aon ní de chineál teicniúil.

Oifigigh poiblí ainmnithe

6. (1) Is oifigigh poiblí ainmnithe iad seo a leanas:

- (a) Airí den Rialtas agus Airí Stáit;
- (b) comhaltaí eile de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann;
- (c) comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa do thoghlaigh sa Stát;
- (d) comhaltaí d’údaráis áitiúla;
- (e) comhairleoirí speisialta arna gceapadh faoi alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997;

- (f) seirbhísigh phoiblí de thuairisc fhorordaithe;
 - (g) aon sealbhóirí oifige forordaithe eile nó aon tuairisc eile daoine.
- (2) Féadfaidh an tAire tuairiscí seirbhíseach poiblí faoi *fho-alt (1)(f)* a fhorordú faoi threoir a ról, a leibhéal luacha saothair, a ngrád nó tosca eile den tsamhail sin.
- (3) Le linn a chinneadh cibé acu a fhorordóidh nó nach bhforordóidh sé nó sí aon tuairisc seirbhíseach poiblí, sealbhóirí oifige nó tuairisc daoine, faoi *fho-alt (1)(f)* nó *(g)*, beidh aird ag an Aire ar leas an phobail agus ar aon mholtaí a bheidh déanta faoi *alt 2(3)*.
- (4) Foilseoidh comhlacht liostaí atá cothrom le dáta agus ina léirítear—
- (a) ainm agus (más iomchuí) grád gach duine, agus
 - (b) mionsonraí gearra i dtaobh ról nó freagrachtaí gach duine
- atá fostaithe ag an gcomhlacht, nó a shealbhaíonn aon oifig nó post eile ann, agus ar oifigeach poiblí ainmnithe de bhua *fho-alt (1)(f)* nó *(g)* é nó í.

Mínithe eile

7. San Acht seo—

- ciallaíonn “Coimisiún” an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí;
 - tá le “oifigeach poiblí ainmnithe” an bhrí a thugtar le *halt 6*;
 - folaíonn “achtachán” ionstraim faoi achtachán;
 - tá le “fostaí lánaimseartha” an bhrí a thugtar le *halt 7* den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001;
 - tá le “eagraíocht idirnáisiúnta” an bhrí a thugtar le *halt 186B* den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005;
 - tá le “údarás áitiúil” an bhrí a thugtar leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001;
 - ciallaíonn “Aire” an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
 - tá le “sonraí pearsanta” an bhrí a thugtar leis an Acht um Chosaint Sonraí, 1988;
 - ciallaíonn “scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana” scéim pinsean ceirde nó socrú pinsean, cibé ainm a thugtar uirthi nó air, le haghaidh aon chuid den tseirbhís phoiblí—
- (a) dá bhforáiltear—
 - (i) leis na hAchtanna Aoisliúntais (de réir bhrí an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012) nó fúthu, nó
 - (ii) le haon achtachán (seachas an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012) nó le haon bheart riaracháin nó faoi, is achtachán nó beart a bhfuil an chríoch chéanna leis agus an éifeacht chéanna leis atá leis na hAchtanna Aoisliúntais agus a bhfuil feidhm ghinearálta nó feidhm theoranta aige,

nó

- (b) arna déanamh ag Aire iomchuí (de réir bhrí an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012) nó a bheidh ceadaithe ag Aire iomchuí nó ag an Aire nó acu araon, nó a gceanglaítear ceadú nó toiliú, cibé slí ar a mbeidh sé sainráite, a fháil ó Aire iomchuí nó ón Aire nó uathu araon, ina leith;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn “seirbhíseach poiblí” duine atá fostaithe ag comhlacht seirbhíse poiblí nó a shealbhaíonn aon oifig nó post eile ann;

ciallaíonn “comhlacht seirbhíse poiblí”—

- (a) Roinn Stáit,
- (b) an Garda Síochána,
- (c) na Buan-Óglaigh,
- (d) údarás áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001,
- (e) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta,
- (f) an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní,
- (g) Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean,
- (h) an Gníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta,
- (i) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
- (j) bord oideachais agus oiliúna,
- (k) Banc Ceannais na hÉireann,
- (l) aon chomhlacht eile, seachas comhlacht a shonraítear nó dá dtagraítear sa *Sceideal*—
 - (i) arna bhunú le hachtachán nó faoi achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí), nó
 - (ii) arna bhunú faoi Achtanna na gCuideachtaí de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi, ar comhlacht é a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach trí airgead arna sholáthar, nó trí iasachtaí arna dtabhairt nó arna ráthú ag Aire den Rialtas nó trí eisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas,

a bhfuil scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana ann ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim den sórt sin ina leith nó a bhféadfar scéim den sórt sin a dhéanamh ina leith, nó a bhfuil an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair infheidhme ina leith,

- (m) aon chomhlacht eile, seachas comhlacht a shonraítear nó dá dtagraítear sa *Sceideal*, a ndéantar, go díreach nó go neamhdhíreach, é a mhaoiniú go hiomlán

nó go páirteach as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas nó as an bPríomh-Chiste nó as toradh fáis an Chiste sin agus a bhfuil scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana ann ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim den sórt sin ina leith nó a bhféadfar scéim den sórt sin a dhéanamh ina leith nó a bhfuil an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair infheidhme ina leith,

- (n) aon fhochuideachta de chomhlacht, nó aon chuideachta atá faoi rialú (de réir na brí a thugtar le halt 10 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) comhlacht lena mbaineann aon cheann de na míreanna sin roimhe seo agus a bhfuil scéim pinsean seirbhíse poiblí atá ann cheana ann ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim den sórt sin ina leith nó a bhféadfar scéim den sórt sin a dhéanamh ina leith nó a bhfuil an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair infheidhme ina leith;

ciallaíonn “Clár” an Clár Brústocaireachta;

ciallaíonn “duine cláraithe” duine a bhfuil a ainm nó a hainm ar áireamh ar an gClár (nó atá tagtha chun bheith ina dhuine cláraithe nó ina duine cláraithe faoi *alt 11(3)*);

tá le “sárú iomchuí” an bhrí a thugtar le *halt 18*;

ciallaíonn “dáta iomchuí”, i ndáil le tréimhse iomchuí, an dáta a thagann 21 lá tar éis dheireadh na tréimhse iomchuí;

ciallaíonn “tréimhse iomchuí”, an tréimhse 4 mhí dar críoch an lá deireanach d’Aibreán, de Lúnasa agus de Nollaig in aon bhliain;

ciallaíonn “Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair” an scéim arna bunú le Caibidil 2 de Chuid 2 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012;

ciallaíonn “ceardchumann” ceardchumann is sealbhóir ceadúnais margántaíochta faoi Chuid II den Acht Ceárd-Chumann, 1941 nó is comhlacht eiscthe de réir bhrí alt 6 den Acht sin.

CUID 2

CLÁRÚ

Ceanglas chun clárú

8. (1) Faoi réir *fo-alt (2)*, ní dhéanfaidh duine gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh mura duine cláraithe an duine.

- (2) Ní sháraíonn duine *fo-alt (1)* sa chéad tréimhse iomchuí ina seolann an duine gníomhaíochtaí brústocaireachta má thagann an duine chun bheith ina dhuine cláraithe nó ina duine cláraithe roimh an dáta iomchuí.

An Clár Brústocaireachta

9. Déanfaidh an Coimisiún clár, ar a dtabharfar an Clár Brústocaireachta (dá ngairtear an “Clár” san Acht seo), a bhunú agus a chothabháil.

Ábhar agus infhaighteacht phoiblí an Chláir

10. (1) Beidh na nithe seo a leanas sa Chlár—

- (a) an fhaisnéis atá in iarratais arna ndéanamh chuig an gCoimisiún faoi *alt 11*, agus
 - (b) an fhaisnéis atá i dtuairisceáin arna dtabhairt don Choimisiún faoi *alt 12*.
- (2) Coimeádfar an Clár i cibé foirm is cuí leis an gCoimisiún.
- (3) Cuirfear an Clár ar fáil lena iniúchadh saor in aisce ar shuíomh gréasáin arna chothabháil nó arna úsáid ag an gCoimisiún.
- (4) Féadfaidh an Coimisiún aon sonraí pearsanta atá sa Chlár a eisiamh óna gcuirtear ar fáil lena iniúchadh má mheasann an Coimisiún gur gá déanamh amhlaidh—
- (a) chun nach ndéanfar iad a mhí-úsáid, nó
 - (b) chun sábháilteacht aon duine nó slándáil an Stáit a chosaint.
- (5) Más rud é go dtugann duine fógra don Choimisiún, i cibé foirm a cheanglóidh an Coimisiún, á rá go measann sé nó sí go bhfuil aon fhaisnéis atá sa Chlár agus a bhaineann leis an duine míchruinn, as dáta nó míthreorach, agus fianaise chun é sin a mheas mar thaca leis, i cibé foirm a cheanglóidh an Coimisiún, tabharfaidh an Coimisiún breith i dtaobh an ní agus déanfaidh sé—
- (a) más deimhin leis go bhfuil an fhaisnéis míchruinn, as dáta nó míthreorach, í a leasú nó a scriosadh (de réir mar is cuí) agus fógra a thabhairt don duine faoin leasú nó scriosadh, nó
 - (b) mura deimhin leis go bhfuil an fhaisnéis míchruinn, as dáta nó míthreorach, fógra a thabhairt don duine faoin méid sin mar aon leis na cúiseanna nach deimhin leis.

Mionsonraí a bheidh le soláthar ag iarratasóirí chun bheith san áireamh ar an gClár

- 11.** (1) Aon duine ar mian leis nó léi go gcuirfear san áireamh é nó í ar an gClár, déanfaidh sé nó sí, ar cibé modh agus i cibé foirm a cheanglóidh an Coimisiún, iarratas chuig an gCoimisiún ina luafar—
- (a) ainm an duine,
 - (b) an seoladh (nó an príomhsheoladh) ag a seolann an duine gnó nó (murab ann do sheoladh den sórt sin) an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine,
 - (c) gníomhaíochtaí gnó nó príomhghníomhaíochtaí an duine,
 - (d) aon seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin nó seoladh suímh gréasáin a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó nó príomhghníomhaíochtaí an duine,
 - (e) aon uimhir chlárúcháin arna heisiúint ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí chuig an duine, agus
 - (f) (más cuideachta) oifig chlárúcháin an duine.
- (2) Beidh san iarratas ráiteas ón duine a dhéanann an t-iarratas, á rá gur faisnéis cheart atá san iarratas.
- (3) Measfar go dtagann an duine chun bheith ina dhuine clárúcháin nó ina duine clárúcháin ar iarratas a dhéanamh a chomhlíonann *fo-ailt (1)* agus *(2)*.

- (4) Féadfaidh aon duine cláraithe atá scortha go buan de ghníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh fógra a thabhairt don Choimisiún, ar cibé modh agus i cibé foirm a cheanglóidh an Coimisiún, á rá gur mian leis an duine cláraithe go ndéanfar iontráil an duine ar an gClár a mharcáil le ráiteas ina léirítear go bhfuil an duine scortha go buan de ghníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh agus, ar an bhfógra sin a fháil, déanfaidh an Coimisiún iontráil an duine ar an gClár a mharcáil le ráiteas den sórt sin.

Tuairisceáin a bheidh le tabhairt ag daoine cláraithe

- 12.** (1) Tabharfaidh duine cláraithe don Choimisiún, tar éis dheireadh gach tréimhse iomchuí ach tráth nach déanaí ná an dáta iomchuí, ar cibé modh agus i cibé foirm a cheanglóidh an Coimisiún, tuairisceán a chuimseoidh an tréimhse iomchuí.
- (2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine cláraithe a ndearnadh a iontráil nó a hiontráil ar an gClár a mharcáil faoi *alt 11(4)* le ráiteas ina léirítear go bhfuil an duine scortha go buan de ghníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh.
- (3) Más rud é nár sheol an duine cláraithe aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta sa tréimhse a chuimsíonn an tuairisceán, luafar an méid sin sa tuairisceán.
- (4) Más rud é gur sheol an duine cláraithe gníomhaíochtaí brústocaireachta sa tréimhse a chuimsíonn an tuairisceán, luafar sa tuairisceán—
- (a) i gcás go ndearnadh aon cheann de na cumarsáidí lena mbaineann thar ceann duine eile (dá ngairtear “cliant” san alt seo), an fhaisnéis iomchuí a bhaineann leis an gcliant,
- (b) na hoifigigh poiblí ainmnithe lena ndearnadh na cumarsáidí lena mbaineann agus an comhlacht a fhostaíonn iad nó ina sealbhaíonn siad aon oifig nó aon phost eile,
- (c) ábhar na gcumarsáidí sin agus na torthaí a beartaíodh a bhaint amach leo,
- (d) cineál agus méid na ngníomhaíochtaí brústocaireachta a seoladh,
- (e) ainm na pearsan aonair ar a raibh an phríomhfhreagracht as na gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh,
- (f) ainm gach duine atá nó a bhí (cibé acu roimh an Acht seo a rith nó dá éis sin) ina oifigeach poiblí ainmnithe nó ina hoifigeach poiblí ainmnithe atá nó a bhí fostaithe ag an duine cláraithe nó ag soláthar seirbhísí don duine cláraithe, agus a bhí ag gabháil do ghníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh, agus
- (g) aon fhaisnéis eile den sórt sin a bhaineann le seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta agus a fhorordófar faoi *fho-alt (7)*.
- (5) I *bhfo-alt (4)(a)*, ciallaíonn “faisnéis iomchuí”, i ndáil le cliant—
- (a) ainm an chliant,
- (b) an seoladh (nó an príomhsheoladh) ag a seolann an cliant gnó nó (murab ann do sheoladh den sórt sin) an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an gcliant,

- (c) gníomhaíochtaí gnó nó príomhghníomhaíochtaí an chliaint,
 - (d) aon seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin nó seoladh suímh gréasáin a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó nó príomhghníomhaíochtaí an chliaint,
 - (e) aon uimhir chlárúcháin a eiseoidh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí chuig an gcliain, agus
 - (f) (más cuideachta) seoladh oifig chláráithe an chliaint.
- (6) Beidh sa tuairisceán mionsonraí i dtaobh aon athrú le linn na tréimhse iomchuí ar an bhfaisnéis a bheidh taifeadta ar an gClár faoi *alt 10(1)(a)* i ndáil leis an duine a dhéanann an tuairisceán.
- (7) Féadfaidh an tAire a fhorordú chun críocha *fho-alt (4)(g)* go n-áireofar i dtuairisceán faisnéis i dtaobh na nithe seo a leanas—
- (a) ainm aon duine atá bainteach le seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta (seachas an duine ar a bhfuil an phríomhfhreagracht),
 - (b) aon nithe eile is dealraitheach don Aire a bheith cuí ag féachaint do leas an phobail i leibhéal cuí trédhearcachta a bheith ann i ndáil le gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh agus i seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta a oscailt lena ghrinnscrúdú ag an bpobal.
- (8) Beidh i dtuairisceán ráiteas ón duine a dhéanann é á rá gur faisnéis cheart atá sa tuairisceán.

Ceanglas faisnéis bhreise nó faisnéis cheartaithe a sholáthar

13. (1) I gcás go measfaidh an Coimisiún—

- (a) go bhfuil gá le faisnéis bhreise chun go gcomhlíonfaidh iarratas nó tuairisceán arna dhéanamh nó arna thabhairt ag duine *alt 11* nó *12*, nó
 - (b) go bhfuil aon fhaisnéis atá in iarratas arna dhéanamh ag duine faoi *alt 11* nó i dtuairisceán arna thabhairt ag duine faoi *alt 12* míchruinn nó míthreorach,
- féadfaidh an Coimisiún, le fógra arna thabhairt don duine, a cheangal ar an duine faisnéis bhreise nó faisnéis cheartaithe a sholáthar laistigh de 21 lá ón dáta ar a dtugtar an fógra.
- (2) Mura gcomhlíonann duine ceanglas faoi *fho-alt (1)* a bhaineann le hiarratas nó le tuairisceán, déanfaidh an Coimisiún—
- (a) an fhaisnéis atá san iarratas nó sa tuairisceán a bhaint den Chlár, agus
 - (b) fógra a thabhairt don duine maidir leis an gcúis gur baineadh an fhaisnéis den Chlár,
- agus pléifear leis an duine chun críocha an Achta seo amhail is nach ndearna sé nó sí an t-iarratas nó nár thug sé nó sí an tuairisceán riamh.
- (3) I gcás go measfaidh an Coimisiún go bhfuil aon fhaisnéis atá in iarratas arna dhéanamh ag duine faoi *alt 11* nó i dtuairisceán arna thabhairt ag duine faoi *alt 12*

míchruinn nó míthreorach, féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis atá san iarratas nó sa tuairisceán a bhaint láithreach den Chlár go dtí go ndéanfar faisnéis cheartaithe a sholáthar; agus déileálfar leis an duine chun críocha an Achta seo amhail is nach ndearna sé nó sí an t-iarratas ná nár thug sé nó sí an tuairisceán riamh, mura rud é go ndéanfar, agus go dtí go ndéanfar, an fhaisnéis cheartaithe a sholáthar.

Foilsíú moillithe

14. (1) I gcás go measfaidh duine a thugann faisnéis don Choimisiún in iarratas faoi *alt 11* nó i dtuairisceán faoi *alt 12* go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, maidir le haon fhaisnéis a chur ar fáil lena hiniúchadh—

(a) go mbeadh drochéifeacht thromaí ag an gcur ar fáil sin—

(i) ar leasanna airgeadais an Stáit,

(ii) ar an ngeilleagar náisiúnta, nó

(iii) ar leasanna gnó i gcoitinne nó ar leasanna gnó daoine d'aon tuairisc,

nó

(b) go mbeadh an cur ar fáil sin ina chúis le cailteanas airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann an fhaisnéis nó go ndéanfaí dochar mór leis an gcur ar fáil sin do staid iomaíochta an duine sin i seoladh shlí bheatha, ghairm nó ghnó an duine nó do thoradh aon chaibidlí conarthacha nó eile atá á seoladh ag an duine sin,

féadfaidh an duine iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún chun cinneadh faoin alt seo a dhéanamh i ndáil leis an bhfaisnéis.

(2) Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le haon Aire iomchuí den Rialtas nó le haon Airí iomchuí den Rialtas sula dtabharfaidh sé breith i dtaobh iarratas faoi *fho-alt (1)(a)*.

(3) Tabharfar breith i dtaobh iarratas faoi *fho-alt (1)* roimh dheireadh na tréimhse 21 lá dar tosach an lá a fhaightear é.

(4) Má mheasann an Coimisiún go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go mbeadh mar iarmhairt ar an bhfaisnéis a chur ar fáil lena hiniúchadh an iarmhairt sin a shonraítear san iarratas, féadfaidh an Coimisiún cinneadh faoin alt seo a dhéanamh i ndáil leis an bhfaisnéis más dealraitheach don Choimisiún gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail trí mhoill a chur ar an bhfaisnéis a chur ar fáil lena hiniúchadh ná trína cur ar fáil lena hiniúchadh láithreach.

(5) Féadfar foráil a dhéanamh leis an gcinneadh (de réir mar is cuí leis an gCoimisiún) maidir le haon ní is ábhar don chinneadh—

(a) a eisiáimh óna gcuirtear ar fáil lena iniúchadh, nó

(b) a chur ar fáil lena iniúchadh i bhfoirm achomair amháin,

go ceann cibé tréimhse, nach faide ná 6 mhí, a shonraítear sa chinneadh nó go dtí go ndéanfar an cinneadh a chúlghairm (más tuisce a tharlóidh sé sin).

- (6) Más rud é go ndiúltaítear, go hiomlán nó go páirteach, d'iarratas faoi *fho-alt (1)*, tabharfaidh an Coimisiún fógra don iarratasóir i dtaobh na gcúiseanna gur diúltaíodh dó.
- (7) Cuirfidh an Coimisiún faoi deara cóip de chinneadh faoin alt seo a sholáthar don iarratasóir agus d'aon Aire iomchuí den Rialtas nó d'aon Airí iomchuí den Rialtas a ndeachthas i gcomhairle leo faoi *fho-alt (2)*.
- (8) Féadfaidh an Coimisiún, aon tráth, athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh arna dhéanamh faoin alt seo agus, más dealraitheach don Choimisiún gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail tríd an bhfaisnéis a chur ar fáil lena hiniúchadh láithreach ná trí mhoill a chur ar í a chur ar fáil lena hiniúchadh, féadfaidh an Coimisiún breith a thabhairt an cinneadh a chúlghairm agus ar é sin a bheith déanta cuirfidh an Coimisiún in iúl—
- (a) don iarratasóir, agus
- (b) d'aon Aire iomchuí den Rialtas nó d'aon Airí iomchuí den Rialtas a ndeachthas i gcomhairle leo faoi *fho-alt (2)*,
- go ndearnadh an cinneadh a chúlghairm.
- (9) Más rud é go ndearna an Coimisiún—
- (a) aon ní a eisiamh óna bhfuil ar fáil lena iniúchadh faoi *fho-alt (5)(a)*, nó
- (b) aon ní a chur ar fáil lena iniúchadh i bhfoirm achomair amháin faoi *fho-alt (5)(b)*,
- foilseoidh an Coimisiún ar an gClár, nuair a thiocfaidh sé dá éis sin chun bheith ar fáil go hiomlán lena iniúchadh ag an bpobal, míniú faoin gcúis gur eisiadh é nó nár áiríodh é ach i bhfoirm achomair amháin.
- (10) I gcás go mbeidh aon ní curtha ar fáil ag an gCoimisiún lena iniúchadh i bhfoirm achomair amháin faoi *fho-alt (5)(b)*, foilseoidh an Coimisiún fógra á rá sin ar an gClár.
- (11) Ní choisceann aon ní san alt seo cinneadh faoin alt seo a dhéanamh i ndáil le haon fhaisnéis níos mó ná uair amháin.
- (12) Aon doiciméad a airbheartaíonn gur cinneadh faoin alt seo é agus a bheith sínithe ag an gCoimisiún measfar, mura gcruthófar a mhalairt, gur cinneadh é arna dhéanamh ag an gCoimisiún agus glacfar é in aon imeachtaí in aon chúirt gan a thuilleadh cruthúnais.
- (13) Níl feidhm ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 maidir le taifead a bhaineann le haon fhaisnéis is ábhar do chinneadh arna dhéanamh faoin alt seo agus atá i bhfeidhm.
- (14) Ní dhéanfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis is ábhar do bhreith ón gCoimisiún faoin alt seo a chur ar fáil lena foilsíú—
- (a) mura ndéantar achomharc ar bith a thionscnamh faoi *alt 23*, go dtí deireadh na tréimhse a shonraítear san alt sin agus ar laistigh di a fhéadfar achomharc a thionscnamh,

(b) más rud é go dtionscnaítear an t-achomharc sin ach nach ndéantar aon achomharc breise a thionscnamh faoi *alt 24*, go dtí deireadh na tréimhse a shonraítear san alt sin, is tréimhse ar laistigh di a fhéadfar an t-achomharc breise sin a thionscnamh, agus

(c) má dhéantar achomharc faoi *alt 23* agus achomharc breise faoi *alt 24* a thionscnamh, go dtí go gcinnefar an t-achomharc breise go cinntitheach,

ach, má dhéantar an t-achomharc sin nó an t-achomharc breise sin a tharraingt siar tráth ar bith, ansin féadfar an fhaisnéis sin a chur ar fáil lena foilsíú a luaithe a bheidh an t-achomharc tarraingthe siar.

Fianaise ar iontrálacha ar an gClár

15. (1) Gach doiciméad a airbheartaíonn gur cóip é d'iontráil sa Chlár agus a airbheartaíonn a bheith deimhnithe ina chóip dháil den iontráil ag an gCoimisiún nó ag oifigeach don Choimisiún arna údarú nó arna húdarú chuige sin, glacfar leis, gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurb é nó í a dheimhnigh é amhlaidh nó gurbh é nó í an t-oifigeach sin, mar fhianaise in aon imeachtaí dlí agus measfar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur cóip dháil é den iontráil agus gur fianaise é ar théarmaí na hiontrála.

(2) Féadfar fianaise ar iontráil sa Chlár a thabhairt trí chóip di arna deimhniú faoin alt seo a thabhairt ar aird agus ní gá an Clár féin a thabhairt ar aird.

(3) Más ar shlí seachas i bhfoirm inléite a choimeádtar an Clár, forléireofar tagairtí san alt seo do chóip d'iontráil sa Chlár mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do chóip inléite d'iontráil sa Chlár nó d'atáirgeadh inléite ar an gcéanna.

CUID 3

CÓD IOMPAIR AGUS TREOIR

Cód iompair

16. (1) Féadfaidh an Coimisiún cód iompair a tháirgeadh do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta, agus é a athbhreithniú ó am go ham, d'fhonn ardchaighdeáin ghairmiúla agus dea-chleachtas a chur chun cinn.

(2) Sula ndéanfaidh an Coimisiún an cód iompair a tháirgeadh nó a athbhreithniú, rachaidh sé i gcomhairle le cibé daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus le cibé comhlachtaí atá ionadaitheach dóibh, agus le cibé daoine eile, is cuí leis an gCoimisiún.

(3) Féadfaidh forálacha éagsúla i ndáil le tuairiscí éagsúla de dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta a bheith sa chód iompair.

(4) Foilseoidh an Coimisiún an cód iompair ar cibé modh agus i cibé foirm is cuí leis an gCoimisiún.

(5) Aon duine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta, beidh aird aige nó aici ar an gcód iompair.

Treoir

17. (1) Féadfaidh an Coimisiún treoir a eisiúint maidir le hoibriú an Achta seo agus féadfaidh sé í a athbhreithniú nó a atheisiúint ó am go ham.
- (2) Foilseoidh an Coimisiún an treoir ar cibé modh agus i cibé foirm is cuí leis an gCoimisiún.
- (3) Féadfaidh an Coimisiún faisnéis a chur ar fáil d'fhonn feasacht faoin Acht seo agus tuiscint air a chur chun cinn.

CUID 4

FORFHEIDHMIÚ

Sárúithe iomchuí

18. Chun críocha an Achta seo is sárúithe iomchuí na nithe seo a leanas:

- (a) *alt 8(1)* a shárú;
- (b) mainneachtain tuairisceán a thabhairt faoi *alt 12* mar a cheanglaítear leis an alt sin;
- (c) aon fhaisnéis arb eol í a bheith míchruinn nó míthreorach a sholáthar don Choimisiún faoin Acht seo;
- (d) mainneachtain ceanglas faoi *alt 19(4)* a chomhlíonadh;
- (e) cosc a chur ar imscrúdú faoi *alt 19*.

Cumhacht chun imscrúdú a dhéanamh

19. (1) Má chreideann an Coimisiún le réasún go mb'fhéidir go bhfuil sárú iomchuí déanta nó á dhéanamh ag duine, féadfaidh an Coimisiún a údarú imscrúdú faoin alt seo a dhéanamh.
- (2) Féadfaidh an Coimisiún cibé daoine agus cibé líon daoine a cheapadh (dá ngairtear "oifigigh údaraithe" san alt seo) a chinnfidh sé chun imscrúduithe faoin alt seo a dhéanamh.
- (3) Tabharfaidh an Coimisiún údarú d'oifigeach údaraithe agus, le linn d'oifigeach údaraithe imscrúdú faoin alt seo a dhéanamh, déanfaidh sé nó sí, má iarrann aon duine dá ndéanann an t-imscrúdú difear air nó uirthi déanamh amhlaidh, an t-údarú nó cóip de a thabhairt ar aird don duine mar aon le céannacht phearsanta de chineál éigin.
- (4) Féadfaidh oifigeach údaraithe, d'fhonn imscrúdú faoin alt seo a dhéanamh—
- (a) a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis nó míniú a sholáthar a bheidh ag teastáil le réasún ón oifigeach údaraithe chun críocha an imscrúdaithe,

- (b) a cheangal ar aon duine aon doiciméad nó ní eile a bheidh faoi rialú an duine, nó a mbeidh rochtain ag an duine air, agus a bheidh ag teastáil le réasún ón oifigeach údaraithe chun críocha an imscrúdaithe, a thabhairt ar aird,
 - (c) a cheangal ar aon duine teacht i láthair os comhair an oifigigh údaraithe chun ceisteanna a fhreagairt, agus chun dearbhú a dhéanamh go bhfuil na freagraí ar na ceisteanna fíor, chun críocha an imscrúdaithe,
 - (d) (faoi réir *fho-alt (5)*) dul isteach agus cuardach a dhéanamh (agus comhalta den Gharda Síochána ina theannta nó ina teannta más gá) in aon áitreabh a gcreideann an t-oifigeach údaraithe le réasún go mb'fhéidir go bhfuil aon doiciméad nó rud eile ann a bheidh ag teastáil le réasún ón oifigeach údaraithe chun críocha an imscrúdaithe,
 - (e) aon doiciméad nó rud eile a bheidh tugtha ar aird i gcomhlíonadh ceanglais faoi *mhír (b)*, nó a bheidh faighte le linn cuardach faoi *mhír (d)* nó de bhun barántas faoi *fho-alt (6)*, a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh de nó sleachta a thógáil as,
 - (f) a cheangal ar dhuine aon doiciméid a bheidh tugtha ar aird nó faighte amhlaidh ar shlí seachas i bhfoirm inléite a chur ar fáil i bhfoirm inléite, nó
 - (g) a cheangal ar dhuine cibé cúnaimh a thabhairt don oifigeach údaraithe a bheidh ag teastáil le réasún uaidh nó uaidhi chun críocha an imscrúdaithe agus cibé saoráidí réasúnacha a chur ar fáil don oifigeach údaraithe is gá chun go bhfeidhmeoidh an t-oifigeach údaraithe a chumhachtaí no a cumhachtaí.
- (5) Nuair a bheidh imscrúdú faoin alt seo á dhéanamh ag oifigeach údaraithe, ní rachaidh sé nó sí isteach i dteaghais ar shlí seachas mar a leanas—
- (a) le toiliú an áititheora, nó
 - (b) de bhun barántas faoi *fho-alt (6)*.
- (6) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche ar fhaisnéis faoi mhionn ó oifigeach údaraithe go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil in aon áitreabh, ar aon áitreabh nó ag aon áitreabh aon doiciméad nó rud eile a bheidh ag teastáil le réasún ón oifigeach údaraithe chun críocha imscrúdú faoin alt seo, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint á údarú do dhuine ainmnithe aon tráth nó tráthanna laistigh d'aon mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird (má iarrtar sin), dul isteach agus cuardach a dhéanamh san áitreabh, trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá, agus gach ceann nó aon cheann de na cumhachtaí a thugtar d'oifigeach údaraithe a fheidhmiú.
- (7) Féadfar, le barántas faoi *fho-alt (6)*, a cheadú don duine a bheidh údaraithe leis cibé comhaltaí den Gharda Síochána nó daoine eile a mheasfaidh an duine sin is gá a bheith ina theannta nó ina teannta.
- (8) Féadfaidh oifigeach údaraithe, má údaraíonn an Coimisiún dó nó di déanamh amhlaidh, tuarascálacha eatramhacha a thabhairt don Choimisiún le linn imscrúdú faoin alt seo a dhéanamh.
- (9) A luaithe is indéanta le réasún tar éis imscrúdú faoin alt seo a chríochnú, tabharfaidh an t-oifigeach údaraithe a rinne an t-imscrúdú—

(a) don Choimisiún, agus

(b) don duine a bhí faoi imscrúdú,

cóip de thuarascáil ina luafar fionnachtana an imscrúdaithe agus tátail an oifigh údaráithe maidir leis na fionnachtana mar aon leis na cúiseanna a bhí aige nó aici chun iad a dhéanamh.

- (10) Ní bheidh ráiteas nó admháil a dhéanann duine de bhun ceanglas faoi *fho-alt (4)* inghlactha i bhfianaise in imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne an duine sin i leith ciona (seachas i leith cion faoi *alt 20*).
- (11) Ní dochar do lian duine ar dhoiciméad nó ar rud eile an doiciméad nó an rud eile a thabhairt ar aird i gcomhlíonadh ceanglas faoi *fho-alt (4)*.
- (12) Ní oibreoidh aon ní san alt seo chun a cheangal ar dhuine aon fhaisnéis nó míniú a sholáthar d'oifigeach údaráithe, ná aon doiciméid nó rudaí eile a thabhairt ar aird d'oifigeach údaráithe, a mbeadh sé nó sí i dteideal, ar fhorais a bhaineann le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil, diúltú iad a sholáthar nó a thabhairt ar aird.
- (13) Ní nochtfaidh oifigeach údaráithe aon fhaisnéis a gheofar faoin alt seo ar shlí eile seachas i dtuarascáil faoin alt seo.
- (14) San alt seo, folaíonn “áitreabh” soitheach, aerárthach, feithicil agus aon mhodh eile iompair, chomh maith le talamh agus aon déanmhas tuiní nó soghluaiste eile.

Cionta

20. (1) Aon duine a dhéanfaidh sárú iomchuí trí thuairisceán faoi *alt 12* a thabhairt tar éis an dáta iomchuí, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C a chur air nó uirthi.
- (2) Aon duine a dhéanfaidh sárú iomchuí ar aon slí eile, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—
- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar d'fótáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (3) In imeachtaí i leith cion faoin alt seo, is cosaint é don duine a chúiseofar sa chion a chruthú go ndearna an duine gach beart réasúnach chun nach ndéanfadh sé nó sí an cion.
- (4) Féadfaidh an Coimisiún imeachtaí achoimre i leith cion faoin alt seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.
- (5) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act, 1851*, féadfar imeachtaí i leith cion faoi *fho-alt (1)* a thionscnamh laistigh de 12 mhí ó dháta an chiona.
- (6) I gcás cion faoin alt seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúltheadú aon duine ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile don chomhlacht corpraithe, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, nuair a rinneadh an cion, beidh an duine sin, chomh

maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion faoin alt seo.

- (7) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta sin, tá feidhm ag *fo-alt (6)* maidir le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca le feidhmeanna bainistíochta an chomhalta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir é nó í ar an gcomhlacht corpraithe.
- (8) I gcás go gciontófar duine i gcion faoin alt seo, ordóidh an chúirt don duine suim a íoc leis an gCoimisiún a bheidh comhionann leis na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a thabhaigh an Coimisiún i ndáil leis an gcion a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

Íocaíochtaí seasta

21. (1) I gcás go ndéanfaidh duine cion faoi *alt 20(1)*, féadfaidh an Coimisiún fógra (dá ngairtear “fógra íocaíochta seasta” san alt seo) a sheirbheáil ar an duine.
- (2) Maidir leis an bhfógra íocaíochta seasta—
- (a) beidh sé san fhoirm fhorordaithe,
- (b) luafar ann go líomhnaítear go ndearna an duine cion faoi *alt 20(1)*,
- (c) luafar ann nach bhfuil oibleagáid ar an duine an íocaíocht sheasta a íoc,
- (d) luafar ann nach dtionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona faoi *alt 20(1)* má dhéantar an íocaíocht sheasta a íoc leis an gCoimisiún faoin dáta a bheidh sonraithe ann, agus
- (e) beidh mionsonraí ann i dtaobh conas a bheidh an íocaíocht sheasta le híoc.
- (3) Déanfar an fógra íocaíochta seasta a sheirbheáil ar an duine trína sheachadadh ar an duine nó trína fhágáil ag an seoladh (nó ag an bpríomhsheoladh) ag a seolann an duine gnó, nó trína chur leis an bpost chuig an seoladh sin, nó (murab ann do sheoladh den sórt sin) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine (mar a thaispeántar é ar an gClár) nó trína chur leis an bpost chuig an seoladh sin.
- (4) €200 an íocaíocht sheasta.
- (5) Ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona faoi *alt 20(1)* i gcoinne an duine—
- (a) go dtí tráth tar éis an dáta a bheidh sonraithe san fhógra íocaíochta seasta mar an dáta faoina mbeidh an íocaíocht sheasta le híoc, nó
- (b) in aon chor, má dhéantar an íocaíocht sheasta a íoc leis an gCoimisiún roimh an dáta sin.
- (6) Déanfar méid aon íocaíochta seasta a gheobhaidh an Coimisiún faoin alt seo a íoc isteach sa Stáitchiste nó a chur chun tairbhe don Stáitchiste de réir mar a ordóidh an tAire.

CUID 5

ILGHNÉITHEACH AGUS FORLÓNTACH

Srianta ar fhostaíocht iarthearma mar bhrústocaire

22. (1) Aon duine a bhí ina oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí nó ina hoifigeach poiblí ainmnithe iomchuí—
- (a) ní sheolfaidh sé nó sí gníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca lena mbaineann an t-alt seo, ná
- (b) ní bheidh sé nó sí fostaithe ag duine, ná ní sholáthróidh sé nó sí seirbhísí do dhuine, a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca den sórt sin,
- le linn na tréimhse iomchuí ach amháin le toiliú an Choimisiúin.
- (2) San alt seo—
- ciallaíonn “oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí” duine is oifigeach poiblí ainmnithe de bhua *mhír* (a), (e) nó (f) d’alt 6(1);
- ciallaíonn “tréimhse iomchuí” tréimhse aon bhliana amháin dar tosach an lá a scoirfidh an duine de bheith ina oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí nó ina hoifigeach poiblí ainmnithe iomchuí.
- (3) Is iad na himthosca lena mbaineann an t-alt seo aon imthosca inarb amhlaidh, maidir leis na cumarsáidí a dhéanamh arb ionann iad agus gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh—
- (a) go bhfuil baint acu le haon chomhlacht seirbhíse poiblí a raibh an duine bainteach leis le linn tréimhse aon bhliana amháin dar chríoch an lá a scoir an duine de bheith ina oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí nó ina hoifigeach poiblí ainmnithe iomchuí, nó
- (b) gur chuig duine a bhí ina oifigeach poiblí ainmnithe nó ina hoifigeach poiblí ainmnithe agus a bhí bainteach leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí sin le linn na tréimhse sin a dhéantar iad.
- (4) Chun críocha *fho-alt* (3), is comhlacht seirbhíse poiblí lena raibh duine bainteach aon tráth comhlacht seirbhíse poiblí más rud é gur chomhlacht seirbhíse poiblí é an tráth sin a raibh an duine fostaithe aige nó inar shealbhaigh an duine aon oifig nó post eile.
- (5) Ar iarratas ar thoiliú arna dhéanamh chuig an gCoimisiún ar cibé modh agus i cibé foirm a cheanglóidh an Coimisiún, féadfaidh an Coimisiún, tar éis aon chomhchomhairliúchán cuí, breith a thabhairt—
- (a) toiliú a thabhairt gan choinníoll nó faoi réir coinníollacha, nó
- (b) diúltú toiliú a thabhairt i leith iomlán na tréimhse iomchuí ná i leith aon chuid di.

Achomhairc

23. (1) Aon duine arb éagóir leis nó léi breith ón gCoimisiún faoi *alt 10(5), 14* nó *22*, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe trí fhógra a thabhairt don Choimisiún.
- (2) Maidir le fógra i dtaobh achomhairc—
- (a) tabharfar é laistigh de 14 lá ó tugadh an bhreith lena mbaineann,
- (b) beidh sé i cibé foirm a cheanglóidh an Coimisiún, agus
- (c) luafar ann na cúiseanna atá leis an achomharc.
- (3) Ceapfaidh an tAire painéal de dhaoine oiriúnacha chun achomhairc faoi *fho-alt (1)* a bhreithniú (dá ngairtear “oifigh achomhairc” san alt seo).
- (4) Maidir le hoifigh achomhairc—
- (a) déanfar iad a cheapadh chun an phainéal go ceann cibé tréimhse a chinnfidh an tAire,
- (b) déanfar cibé táillí agus caiteachais a chinnfidh an tAire ó am go ham a íoc leo,
- (c) féadfaidh siad éirí as aon tráth,
- (d) beidh siad i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha eile a chinnfidh an tAire ó am go ham, lena n-áirítear na téarmaí agus na coinníollacha sin ar dóigh dóibh, i dtuairim an Aire, a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht a áirithiú,
- (e) féadfaidh an tAire aon tráth iad a chur ón bpainéal ar chúiseanna sonrath, agus
- (f) ní státseirbhísigh de chuid an Rialtais ná státseirbhísigh de chuid an Stáit iad.
- (5) I gcás go bhfaighidh an Coimisiún fógra i dtaobh achomharc faoi *fho-alt (1)*, ainmneoidh sé oifigeach achomhairc chun an t-achomharc a bhreithniú.
- (6) Beidh oifigh achomhairc neamhspleách agus neamhchlaonta le linn a bhfeidhmeanna a chomhall.
- (7) Féadfaidh an tAire an nós imeachta a fhorordú a bheidh le leanúint le linn achomhairc a stiúradh.
- (8) Ar achomharc a bheith déanta, ní bheidh an t-oifigeach achomhairc teoranta do bhreithniú a dhéanamh ar na forais ar a raibh breith an Choimisiúin bunaithe ach féadfaidh sé nó sí, tar éis aon fhianaise a éisteacht agus aon aighneachtaí a bheidh déanta a bhreithniú, breith a thabhairt i dtaobh an ní is ábhar don achomharc amhail is dá mbeadh breith á thabhairt den chéad uair ina thaobh.
- (9) Déanfaidh an t-oifigeach achomhairc, a luaithe is indéanta, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis fógra i dtaobh an achomhairc a fháil—
- (a) an bhreith a bhfuil achomharc déanta ina coinne a dhaingniú, nó

(b) an bhreith sin a chúlghairm agus cibé breith eile is cuí leis an oifigeach achomhairc a chur ina hionad.

(10) Déanfaidh an t-oifigeach achomhairc cóip dá bhreith nó dá breith, mar aon leis na cúiseanna atá léi, a thabhairt don achomharcóir agus don Choimisiún.

Achomharc breise ar phonc dlí

- 24.** (1) Aon duine arb éagóir leis nó léi an bhreith ó oifigeach achomhairc faoi *alt 23*, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí.
- (2) Déanfar achomharc a thionscnamh tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis fógra i dtaobh bhreith an oifigh achomhairc a thabhairt don achomharcóir.
- (3) Sonrófar i mbreith ón Ard-Chúirt faoin alt seo, más cuí, an tréimhse ar laistigh di a bheidh éifeacht le tabhairt don bhreith.
- (4) Ní bheidh aon ábhar achomhairc ann in aghaidh breith ón Ard-Chúirt ar achomharc faoin alt seo.

Tuarascálacha ón gCoimisiún

- 25.** (1) Ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil a bhaineann le hoibriú an Achta seo agus cuirfidh sé faoi deara cóip di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh sa bhliain tar éis na bliana lena mbaineann sí.
- (2) Beidh ar áireamh (go háirithe) i dtuarascáil faoi *fho-alt (1)* faisnéis, i bhfoirm nach gcumasaíonn na daoine lena mbaineann a aithint, a bhaineann leis na nithe seo a leanas—
- (a) aon chinntí faoi *alt 14* a rinneadh nó a bhí i bhfeidhm sa bhliain sin,
- (b) aon imscrúduithe faoi *alt 19* a críochnaíodh sa bhliain sin,
- (c) aon iarratais ar thoiliú faoi *alt 22*, agus na breitheanna go léir i dtaobh na n-iarratas sin, a rinneadh sa bhliain sin,
- (d) aon chiontuithe i leith cionta faoi *alt 20* sa bhliain sin, agus
- (e) aon fhógraí íocaíochta seasta a seirbheáladh faoi *alt 21* sa bhliain sin.

An Coimisiún do tharmligean feidhmeanna

- 26.** Féadfaidh comhaltaí d'fhoireann an Choimisiúin a bheidh údaraithe go cuí ag an gCoimisiún chuige sin cibé feidhmeanna de chuid an Choimisiúin faoin Acht seo a shonróidh an Coimisiún a fheidhmiú faoi mhaoirsiú an Choimisiúin agus faoi réir threorú ginearálta an Choimisiúin.

Leasuithe a bhaineann leis an gCoimisiún

- 27.** Leasaítear an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995—

(a) in alt 21(2I), trí “agus leis an *Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015*,” a chur isteach i ndiaidh “go 2001,”

(b) in alt 33, trí “faoin Acht seo agus faoin *Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015*” a chur isteach i ndiaidh “a bhfeidhmeanna”,

(c) in alt 35(1), trí “nó faoin *Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015*” a chur isteach i ndiaidh “faoin Acht seo”, agus

(d) in alt 35(2)—

(i) i mír (c), trí “nó” a scriosadh i ndiaidh “sa chúirt sin,”,

(ii) i mír (d), trí “faoi bhráid ceachtar Tí, nó” a chur in ionad “faoi bhráid ceachtar Tí.”, agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(e) nochtadh faisnéise lena háireamh sa Chlár Brústocaireachta i dtuarascáil faoi *alt 25 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015*.”.

[2015.]

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

[Uimh. 5.]

AN SCEIDEAL

Alt 7

COMHLACHTAÍ NACH COMHLACHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

1. Aon chomhlacht corpraithe arna bhunú le hAcht Parlaiminte roimh an 6 Nollaig 1922 ar de chineál tráchtála é ar é a bhunú.
2. Bord na gCon.
3. Bord na Móna Cpt.
4. Córas Iompair Éireann.
5. Coillte Teoranta (is cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Achtanna na gCuideachtaí mar a fhoráiltear le halt 9 den Acht Foraoiseachta, 1988).
6. Údarás Aerfort Chorcaí, cuideachta phoiblí theoranta.
7. Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, cpt.
8. *EirGrid* Cpt.
9. Bord Soláthair an Leictreachais.
10. *Ervia*.
11. Údarás cuain de réir bhrí na nAchtanna Cuanta, 1946 go 2005.
12. Rásaíocht Capall Éireann.
13. Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta.
14. Údarás Eitlíochta na hÉireann.
15. An Post.
16. Raidió Teilifís Éireann.
17. Údarás Aerfort na Sionna, cuideachta phoiblí theoranta.
18. Teilifís na Gaeilge.
19. An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród.
20. An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh.
21. Fochuideachta do chomhlacht lena mbaineann an Sceideal seo, lena n-áirítear fochuideachta de chuid aon fhochuideachta den sórt sin.